2025/1057

28.5.2025

CINNEADH (AE) 2025/1057 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Bealtaine 2025

maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Ostair isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an cheathrú tréimhse thagartha den scéim feidhmíochta agus muirearaithe le haghaidh an Aerspáis Eorpaigh Aonair

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025)3006)

(Is é an téacs Gearmáinise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun an t-aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/2803 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair ([2]), agus go háirithe Airteagal 58(3) de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus (AE) Uimh. 391/2013 ([3]), agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

BREITHNITHE GINEARÁLTA

(1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tá na Ballstáit le pleananna a tharraingt suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerspáis, lena n-áirítear spriocanna feidhmíochta, le haghaidh gach tréimhse tagartha den scéim feidhmíochta agus muirearaithe le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra. Áireofar sna pleananna sin spriocanna feidhmíochta áitiúla atá comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh na tréimhse tagartha lena mbaineann.

(2) Leagadh síos na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an cheathrú tréimhse thagartha ('TT4', 2025-2029) i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688 ón gCoimisiún ([4]).

(3) Tá dréachtphlean feidhmíochta tarraingthe suas ag gach Ballstát le haghaidh TT4, pleananna a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin lena measúnú faoin 1 Deireadh Fómhair 2024. Tar éis don Choimisiún a fhíorú gurbh iomlán do na dréachtphleananna feidhmíochta sin, d'iarr sé ar na Ballstáit dréachtphleananna feidhmíochta cothrom le dáta a chur isteach faoin 15 Samhain 2024.

(4) An measúnú ón gCoimisiún a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo, tá sé bunaithe ar an dréachtphlean feidhmíochta cothrom le dáta le haghaidh TT4 a chuir an Ostair isteach ('an dréachtphlean feidhmíochta').

(5) An Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta ('CAF'), comhlacht a thugann cúnamh don Choimisiún chun an scéim feidhmíochta a chur chun feidhme, chuir sé tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ina bhfuil a chomhairle faoin measúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta.

([1]) IO L 96, 31.3.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/549/oj.
([2]) IO L, 2024/2803, 11.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2803/oj.
([3]) IO L 56, 25.2.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/317/oj.
([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2024 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthrácht a ndáil leis an gceathrú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2025 agus dar críoch an 31 Nollaig 2029 (IO L, 2024/1688, 17.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1688/oj).

(6) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta áitiúla atá sa dréachtphlean feidhmíochta ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh i gcás inarb ábhartha.

(7) Chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta le hathbhreithniú ar na heilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Maidir le pointe 2.1(d)(vii) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire nach ndearna sé, mar chuid den athbhreithniú sin, anailís mhionsonraithe ar na modheolaíochtaí arna n-úsáid ag an Ostair chun costais a leithdháileadh idir seirbhísí faoi bhealach agus seirbhísí críochfoirt le linn TT4. Dá bhrí sin, níor tháinig an Coimisiún ar aon chonclúid, ag an gcéim seo, maidir lena mhéid a chomhlíonann na modheolaíochtaí sin maidir le leithdháileadh costas pointí (e) agus (f) d'Airteagal 15(2) de Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus Airteagal 22(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN

Measúnú ar na spriocanna sábháilteachta

(8) Maidir leis an réimse tábhachtach feidhmíochta a bhaineann leis an tsábháilteacht, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna atá sa dréachtphlean feidhmíochta i gcomhréir le pointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

(9) Is iad seo a leanas na spriocanna feidhmíochta i réimse tábhachtach feidhmíochta na sábháilteachta a mholann an Ostair i leith éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna miondealú de réir na gcuspóirí bainistíochta sábháilteachta agus arna léiriú mar leibhéil cur chun feidhme:

An Ostair	**Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, sloinnte mar leibhéal cur chun feidhme i raon idir leibhéil A agus D de chuid EASA**					
Soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta	**An cuspóir bainistíochta sábháilteachta**	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Austro Control	Beartas agus cuspóirí sábháilteachta	B	B	B	B	**C**
	Bainistíocht riosca sábháilteachta	B	B	B	C	**D**
	Dearbhú sábháilteachta	B	B	B	B	**C**
	Cur chun cinn sábháilteachta	B	B	B	B	**C**
	Cultúr sábháilteachta	B	B	B	B	**C**

(10) Tá sé suite ag an gCoimisiún gurb ionann na spriocanna sábháilteachta a mholann an Ostair le haghaidh an tsoláthraí seirbhísí aerloingseoireachta 'Austro Control' agus na spriocanna sábháilteachta uile-Aontais i leith bhliain féilire 2029.

(11) Tugann an Coimisiún dá aire go leagtar amach leis an dréachtphlean feidhmíochta bearta lena ndéanamh ag Austro Control chun na spriocanna áitiúla sábháilteachta a bhaint amach, amhail cur chuige comhtháite á chur i bhfeidhm maidir le bainistithe riosca sábháilteachta, feabhas a chur ar an gcomhar sábháilteachta trasteorann, riosca tuirse a bhainistiú, agus oiliúint agus feasacht a chur chun cinn chun cultúr sábháilteachta a chothú.

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán maidir le Soláthar Seirbhísí) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 10, ELI http://data.europa.eu/eli/reg/2004/550/oj).

(12) Mar a thugtar faoi deara in aithrisí (9) agus (10), tá na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta áitiúla le haghaidh 2029 atá sa dréachtphlean feidhmíochta i gcomhréir leis na spriocanna comhfhreagracha uile-Aontais a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta áitiúla comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

(13) Mar sin féin, meastar go bhfuil na spriocanna idirmheánacha le haghaidh na mblianta 2025 go 2028 le haghaidh na gcuspóirí bainistíochta sábháilteachta thar a bheith íseal agus nach leor iad chun a áirithiú go mbainfear amach na spriocanna do 2029 ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, níl údar cuí leis na spriocanna idirmheánacha ísle sin i bhfianaise fheidhmíocht iarbhír Austro Control le linn TT3 ná i bhfianaise na mbeart chun na spriocanna sábháilteachta dá dtagraítear in aithris (11) a bhaint amach le linn TT4.

(14) Dá bhrí sin, ba cheart don Ostair, ina phlean feidhmíochta chríochnaithigh atá le glacadh de bhun Airteagal 16, pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, aghaidh a thabhairt ar na torthaí a leagtar amach in aithris (13) trí fheabhas a chur ar na leibhéil bainistíochta sábháilteachta spriocdhírithe le haghaidh na mblianta 2025 go 2028.

Measúnú ar na spriocanna comhshaoil

(15) Maidir le réimse tábhachtach feidhmíochta an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna atá sa dréachtphlean feidhmíochta maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach a bhaineann leis an ruthag eitilte iarbhír, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna comhshaoil a mholann an Ostair i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha le haghaidh éifeachtúlacht chothrománach na heitilte faoi bhealach a leagtar amach i bPlean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa, arna tharraingt suas i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún ([6]) agus a bhí ar fáil tráth a glacadh na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4, is é sin an 2 Iúil 2024.

(16) Is iad seo a leanas na spriocanna feidhmíochta comhshaoil a mholann an Ostair le haghaidh TT4 mar aon leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha ó Phlean Feabhsúcháin Líonra Aerbhealaí na hEorpa, arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír:

An Ostair	2025	2026	2027	2028	2029
Spriocanna i réimse tábhachtach feidhmíochta an chomhshaoil, arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír	**2,09 %**	**2,07 %**	**2,05 %**	**2,03 %**	**2,01 %**
Luachanna tagartha	2,09 %	2,07 %	2,05 %	2,03 %	2,01 %

(17) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspriocanna comhshaoil a mholann an Ostair agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire de TT4.

(18) Tugann an Coimisiún dá aire gur chuir an Ostair bearta i láthair sa dréachtphlean feidhmíochta chun na spriocanna comhshaoil áitiúla a bhaint amach, lena n-áirítear Aerspás Saorbhealaigh trasteorann a chur chun feidhme le Poblacht na Seice, leis an Ungáir agus leis an tSlóvaic, agus tionscnamh chun a chothú go gcloífidh úsáideoirí aerspáis lena bpleananna eitilte comhdaithe.

(19) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (16), (17) agus (18), ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna i dtaca leis an réimse tábhachtach feidhmíochta a bhaineann leis an gcomhshaol atá i ndréachtphlean feidhmíochta na hOstaire comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2019 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le feidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta (BAT) a chur chun feidhme agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 ón gCoimisiún (IO L 28, 31.1.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/123/oj).

Measúnú ar na spriocanna acmhainneachta

(20) Maidir le réimse tábhachtach feidhmíochta na hacmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna atá sa dréachtphlean feidhmíochta maidir leis an meánmhoill i mbainistiú na sreibhe aerthrácht (‘BSAT’) faoi bhealach in aghaidh na heitilte, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d’Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna a mholann an Ostair i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochtaí Líonra, arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún agus a bhí ar fáil tráth a glacadh na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4, is é sin an 2 Iúil 2024.

(21) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna acmhainneachta eitiltí faoi bhealach a mholann an Ostair le haghaidh TT4, arna sloinneadh i nóiméid moille BSAT in aghaidh na heitilte, mar aon leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ón bPlean Oibríochtaí Líonra:

An Ostair	2025	2026	2027	2028	2029
Spriocanna i réimse tábhachtach feidhmíochta na hacmhainneachta, arna sloinneadh i nóiméid moille BSAT faoi bhealach in aghaidh na heitilte	**0,28**	**0,23**	**0,19**	**0,16**	**0,16**
Luachanna tagartha	0,28	0,23	0,19	0,16	0,16

(22) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspriocanna acmhainneachta a mholann an Ostair agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire de TT4.

(23) Tugann an Coimisiún dá aire gur chuir an Ostair i láthair sa dréachtphlean feidhmíochta bearta chun a spriocanna maidir le toilleadh faoi bhealach a bhaint amach. Sa chéad dul síos, cuimsítear leis na bearta sin earcú rialtóirí aerthrácht nua (‘ATCOnna’) lena gcumasaítear méadú ar an líon coibhéisí lánaimseartha ATCO atá i seirbhís ag an lárionad rialaithe limistéir. Ar an dara dul síos, cuimsítear leis na bearta sin córas BAT nua a chur chun feidhme, athstruchtúrú aerspáis, oiliúint agus uainchlárú solúbtha foirne, agus lárionad rialaithe limistéir Vín a athlonnú.

(24) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (21), (22) agus (23), ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna i dtaca leis an réimse tábhachtach feidhmíochta a bhaineann leis an acmhainneacht atá i ndréachtphlean feidhmíochta na hOstaire comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

Athbhreithniú ar na spriocanna acmhainneachta maidir le seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt

(25) I gcomhréir le pointe 2.1(b) d’Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar dhréachtphlean feidhmíochta trí athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt a leagtar amach i leith na n-aerfort dá dtagraítear in Airteagail 1(3) agus (4) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Fuarthas amach go bhfuil na spriocanna sin ina gcúis imní.

(26) Nuair a rinneadh miondealú ar na spriocanna acmhainneachta críochfoirt de réir an aerfoirt, fuair an Coimisiún amach go bhfuil an mhoill BSAT in aghaidh na heitilte d’aerfort Vín i bhfad níos measa mar thoradh ar na spriocanna acmhainneachta críochfoirt atá beartaithe ná leibhéal feidhmíochta aerfort comhchosúil arna sainaithint ag CAF.

(27) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart don Ostair, i dtaca le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, breis údair a thabhairt maidir leis na spriocanna acmhainneachta críochfoirt le haghaidh TT4 i bhfianaise na dtuairimí a leagtar amach in aithris (26), sin nó ba cheart di na spriocanna sin a athbhreithniú anuas.

Measúnú ar na spriocanna costéifeachtúlachta

(28) Maidir le réimse tábhachtach feidhmíochta na costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna atá sa dréachtphlean feidhmíochta maidir leis an gcostas aonaid arna shuí ('CAAS') le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta eitiltí faoi bhealach, ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is iad na critéir sin an treocht CAAS le linn TT4, an treocht fhadtéarmach CAAS le linn TT3 agus TT4 (2020-2029), agus luach bonnlíne CAAS ar leibhéil an limistéir muirearaithe i gcomparáid le meánluach na limistéar muirearaithe a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta iontu.

(29) Is iad seo a leanas na spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach a mholann an Ostair le haghaidh TT4, agus na luachanna bonnlíne gaolmhara:

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na hOstaire	**Luach bonnlíne 2019**	**Luach bonnlíne 2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i réimse tábhachtach feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**EUR 72,18**	**EUR 53,66**	**EUR 54,40**	**EUR 53,61**	**EUR 53,32**	**EUR 53,65**	**EUR 52,63**

(30) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4.(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa treocht CAAS na hOstaire ar leibhéal an limistéir muirearaithe de - 0,4 % le linn TT4 ná an treocht uile-Aontais de - 1,2 % le linn na tréimhse céanna.

(31) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go sáraíonn treocht CAAS fhadtéarmach na hOstaire le linn TT3 agus TT4 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá - 3,4 %, an treocht fhadtéarmach uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá - 1,0 %.

(32) Maidir leis an gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil an luach bonnlíne EUR 53,66 le haghaidh CAAS na hOstaire, luach arna shloinneadh i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022 ('EUR2022'), 51,7 % níos airde ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, is é sin EUR 110,99 in EUR2022, a leagtar amach in Airteagal 7 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688.

(33) Is léir go sáraíonn treocht CAAS fhadtéarmach na hOstaire le linn TT3 agus TT4 an treocht chomhfhreagrach uile-Aontais le corrlach mór agus go bhfuil luach bonnlíne na hOstaire i leith 2024 go mór faoi bhun mheán an ghrúpa comparáide. Thairis sin, léiríonn an Ostair laghdú suntasach CAAS le linn TT4. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún, nach bac é an diall atá fágtha ón treocht CAAS uile-Aontais le haghaidh TT4 a thugtar faoi deara in aithris (30) ar spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta na hOstaire a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta uile-Aontais.

(34) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (28) go (33), ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna i dtaca leis an réimse tábhachtach feidhmíochta a bhaineann le costéifeachtúlacht atá sa dréachtphlean feidhmíochta comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

Athbhreithniú ar na spriocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt

(35) I gcomhréir le pointe 2.1(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar an dréachtphlean feidhmíochta trí athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt a leagtar amach i leith na n-aerfort dá dtagraítear in Airteagail 1(3) agus (4) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Fuarthas amach nach bhfuil na spriocanna sin ina gcúis imní.

Athbhreithniú ar na scéimeanna dreasachta um acmhainneacht faoi bhealach agus acmhainneacht críochfoirt

(36) I gcomhréir le pointe 2.1.(f) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar an dréachtphlean feidhmíochta le hathbhreithniú ar na scéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Fuarthas gur ábhar imní iad na scéimeanna dreasachta a bhunaigh an Ostair chun tacú le spriocanna acmhainneachta críochfoirt agus faoi bhealach a bhaint amach in TT4.

(37) Tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil ach 0,50 % de na costais arna suí i gceist leis an míbhuntáiste airgeadais uasta atá sa scéim dreasachta um acmhainneacht faoi bhealach agus sa scéim dreasachta acmhainneachta críochfoirt a áirítear sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach. Ag féachaint don chomhairle shaineolach a chuir CAF ar fáil, measann an Coimisiún maidir leis na huas-mhíbhuntáistí airgeadais le haghaidh na scéimeanna dreasachta atá leagtha amach ag an Ostair, nach gcomhlíonann siad Airteagal 11(3), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, lena gceanglaítear go mbeidh 'tionchar ábhartha ag scéimeanna dreasachta den sórt sin ar an ioncam atá i mbaol'.

(38) Dá bhrí sin, ba cheart don Ostair athbhreithniú a dhéanamh, i ndáil le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh de bhun Airteagal 16, pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, ar a scéimeanna dreasachta chun spriocanna acmhainneachta faoi bhealach agus críochfoirt a bhaint amach i gcaoi a fhágann go socraítear an míbhuntáiste airgeadais uasta a eascraíonn as na scéimeanna dreasachta sin ar leibhéal ag a bhfuil tionchar ábhartha ar an ioncam faoi riosca, mar a cheanglaítear go sainráite le hAirteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is é tuairim an Choimisiúin é gur cheart míbhuntáiste airgeadais uasta ar luach 1 % nó níos airde de na costais bhliantúla arna suí a bheith ann mar thoradh ar an athbhreithniú sin.

CONCLÚIDÍ

(39) I bhfianaise an mhéid thuas, ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá i ndréachtphlean feidhmíochta na hOstaire comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Ostair isteach le haghaidh an cheathrú tréimhse thagartha ('TT4'), agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tá siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4 a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688.

Airteagal 2

Is chuig Poblacht na hOstaire a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Apostolos TZITZIKOSTAS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Na spriocanna feidhmíochta atá i ndréachtphlean feidhmíochta na hOstaire, agus a bhfuarthas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an cheathrú tréimhse thagartha

RÉIMSE TÁBHACHTACH FEIDHMÍOCHTA NA SÁBHÁILTEACHTA

An Ostair	**Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta,** arna léiriú mar leibhéal cur chun feidhme, i raon idir leibhéil A agus D de chuid Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ('EASA')					
Soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta	**An cuspóir bainistíochta sábháilteachta**	2025	2026	2027	2028	2029
Austro Control	Beartas agus cuspóirí sábháilteachta	B	B	B	B	C
	Bainistíocht riosca sábháilteachta	B	B	B	C	D
	Dearbhú sábháilteachta	B	B	B	B	C
	Cur chun cinn sábháilteachta	B	B	B	B	C
	Cultúr sábháilteachta	B	B	B	B	C

RÉIMSE TÁBHACHTACH FEIDHMÍOCHTA AN CHOMHSHAOIL

An Ostair	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna i réimse tábhachtach feidhmíochta an chomhshaoil, arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír	**2,09 %**	**2,07 %**	**2,05 %**	**2,03 %**	**2,01 %**

RÉIMSE TÁBHACHTACH FEIDHMÍOCHTA NA hACMHAINNE

An Ostair	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna i réimse tábhachtach feidhmíochta na hacmhainneachta, arna sloinneadh i nóiméid moille BSAT faoi bhealach in aghaidh na heitilte	**0,28**	**0,23**	**0,19**	**0,16**	**0,16**

RÉIMSE TÁBHACHTACH FEIDHMÍOCHTA NA COSTÉIFEACHTÚLACHTA

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na hOstaire	Luach bonnlíne 2019	Luach bonnlíne 2024	2025	2026	2027	2028	2029
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i réimse tábhachtach feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**EUR 72,18**	**EUR 53,66**	**EUR 54,40**	**EUR 53,61**	**EUR 53,32**	**EUR 53,65**	**EUR 52,63**